V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10676 - NEXT / WP / PINK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 151/11)

1. An 25 Márta 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Next Holdings Limited, fochuideachta ar lánúinéireacht de chuid Next plc ("Next", an Ríocht Aontaithe),

— Warburg Pincus LLC ("WP", na Stáit Aontaithe),

— Pink Topco Limited ("Pink", Geirsí), faoi rialú WP.

Gheobhaidh Next agus WP rialú comhpháirteach ar Pink, atá faoi rialú aonair WP faoi láthair, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is miondíoltóir bunaithe sa Ríocht Aontaithe é Next a dhíolann earraí brandáilte Next lena n-áirítear na hearraí seo a leanas: éadaí fear, éadaí ban, éadaí leanaí, fo-éadaí, coisbheart, earraí tí agus troscán, bronntanais agus bláthanna, i siopaí agus ar líne, lena n-áirítear in LEE,

— Is gnólacht domhanda cothromais phríobháidigh é WP atá bunaithe sna Stáit Aontaithe agus ar lena chomhaltaí é, ar gnólacht é a bhfuil a chuid infheistíochtaí dírithe ar réimse earnálacha i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip agus san Áise, lena n-áirítear na hearnálacha seo a leanas: tionsclaíoch, fuinneamh, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte agus teicneolaíocht, na meáin agus teileachumarsáid, agus earraí tomhaltais, lena n-áirítear miondíol éadaí agus coisbheart,

— Is é Pink úinéir an bhranda Reiss, atá gníomhach i ndíol earraí brandáilte Reiss lena n-áirítear na hearraí seo a leanas: éadaí fear, éadaí ban, coisbheart agus gabhálais, i siopaí agus ar líne, lena n-áirítear in LEE.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe maidir le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10676 – NEXT / WP / PINK

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË